

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

17 Feabhra 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

---

Clár

### V Fógairtí

#### NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

##### **An Chúirt Iniúchóirí**

Fógra Folúntais ECA/2021/1 – Stiúrtóir – post amháin (Feidhmghrúpa AD, grád 14) – An Ardrúnaíocht – An Stiúrtóireacht um Acmhainní Daonna agus Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta (SG1) .....

1

---

**GA**

\* Faoin tagairt C 57 A a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

---



## V

(Fógairtí)

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

## AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

## FÓGRA FOLÚNTAIS ECA/2021/1

## Stiúrthóir – post amháin

(Feidhmghrúpa AD, grád 14)

## An Ardrúnaíocht – An Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta (SG1)

## CÉ SINNE

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Sa bhliain 1975 a bunaíodh í agus tá sí ar cheann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá an Chúirt suite agus tá thart ar 900 ball foirne iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin de gach náisiúntacht AE fostaithe aici.

Feidhmíonn sí mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gcomhalta, comhalta amháin as gach Ballstát den Aontas. Is í an obair a bhíonn ar bun ag ár n-iniúchóirí ná a chinntiú go bhfuil cuntais chearta á gcoinneáil ag an Aontas Eorpach agus go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige, agus go gcomhlíonann beartais agus clár AE na cuspóirí atá beartaithe leo agus go gcuireann siad luach ar airgead ar fáil.

Trínár gcuid oibre, cabhraimid leis an mbainistíocht airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú agus an chuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn. Cuirimid reachtóirí agus lucht ceaptha beartais an Aontais Eorpaigh ar a bhfaichill ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tugaimid eolas dóibh faoi aon easnaimh atá ann agus faoin dul chun cinn atá déanta acu, agus tugaimid cinnteacht dóibh agus cuirimid comhairle orthu. Cuirimid ár mbarúlacha agus ár moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtas agus parlaimintí náisiúnta, agus faoi bhráid an phobail i gcoitinne freisin.

Laistigh d'Ardrúnaíocht na Cúirte, is é misean na Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna agus Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta cabhrú leis an institiúid a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trína áirithiú go mbaintear úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as a cuid acmhainní daonna agus airgeadais agus trí chruinneas na doiciméadachta riaracháin agus airgeadais a fhíorú.

Chun a misean a chomhlíonadh, déanann an Stiúrthóireacht a foireann a imscaradh go héifeachtach agus go héifeachtúil, an buiséad ábhartha a chur chun feidhme agus feidhmiú na Cúirte a éascú trí shlándáil agus sábháilteacht, iompar, seachadadh poist, eagrú imeachtaí agus seirbhísí leighis atá iontaofa agus ar ardchaighdeán.

## AN POST ATÁ Á THAIRISCINT AGAINN

Is ag grád AD 14 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. Is é EUR 14 838 an buntuarastal míosúil atá luaite leis an bpost. Faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne, féadfar liúntais áirithe a chur leis an mbuntuarastal agus beidh an buntuarastal sin faoi réir cháin an Aontais Eorpaigh agus díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Is státseirbhíseach ardchéimíúil an Stiúrthóir um Acmhainní Daonna agus Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta agus tá sé nó sí freagrach as an méid seo a leanas:

- beartais ábhartha a dhréachtú agus a mhaoirsiú, an Stiúrthóireacht a bhainistiú agus cinntí oibríochtúla a dhéanamh bunaithe ar chláir oibre na hArdrúnaíochta,
- an clár oibre bliantúil a dhréachtú agus a chur chun feidhme, agus tuarascáil maidir le cur chun feidhme an chláir oibre a ullmhú,

- úsáid acmhainní daonna agus airgeadais a mhaoirsiú, a mhonatóiriú agus a chomhordú laistigh den Stiúrtóireacht agus den Ardrúnaíocht,
- maoirseacht, monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar úsáid éifeachtúil uirlisí acmhainní daonna, airgeadais agus seirbhísí ar leith,
- ionadaíocht a dhéanamh, laistigh dá réimse inniúlachta, thar ceann na hinstitiúide agus na Stiúrtóireachta maidir le hábhair a bhaineann le comhar idirinstiúideach agus idirnáisiúnta,
- monatóireacht a dhéanamh ar chórais inmheánacha rialaithe agus bainistíochta na Stiúrtóireachta,
- a áirithiú go dtugtar aird mar is cuí ar na rialacha, rialacháin agus nósanna imeachta ábhartha,
- a áirithiú go gcloítear le caighdeáin agus go gcomhlíontar spriocdhátaí.

Beidh an deis ag an té a cheapfar oibriú i dtimpeallacht dhinimiciúil, ag déileáil le teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus modhanna nuálacha oibre.

## AN PHRÓIFÍL ATÁ Á LORG AGAINN

### I. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

#### 1. Coinníollacha earcaíochta

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní foláir duit, faoi dháta an iarratais:

- a bheith i do náisiúnach de Bhallstát den Aontas;
- do chearta iomlána mar shaoránach a bheith á dteachtadh agat;
- aon oibleagáidí a chuirtear ort leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat; agus
- na riachtanais charachtair a theastaíonn do na dualgais atá i gceist a shásamh.

#### 2. Cáilíochtaí

I gcomhréir le hAirteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

- (i) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile a bheith críochnaithe agus deimhnithe le dioplóma más 4 bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó
- (ii) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile a bheith críochnaithe agus deimhnithe le dioplóma móide 1 bhliain amháin ar a laghad de thairgí ghairmiúil chuí más 3 bliana atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó
- (iii) i gcás ina mbeidh údar maith leis, chun leas na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.

#### 3. Tairgí ghairmiúil

Cruthúnas go bhfuil 18 mbliana ar a laghad de thairgí ghairmiúil agat ó fuarthas an cháilíocht thuasluaite, lena n-áirítear 4 bliana ar a laghad ag bainistiú acmhainní daonna nó buiséadacha.

#### 4. Eolas ar theangacha

Ós rud é gurb iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oifigiúla oibre na Cúirte, ní mór eolas fóna a bheith agat ar cheann de na teangacha sin (leibhéal C1 ar a laghad sa tuiscint, sa labhairt agus sa scríobh) agus eolas maith ar an teanga eile (leibhéal B2 ar a laghad sna catagóirí céanna).

Is féidir leat do chuid scileanna teanga iasachta a mheas ag:

<https://europa.eu/europass/ga/common-european-framework-reference>

## II. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

- sárchumas a bheith ionat straitéis a leagan síos agus a chur chun feidhme agus sainiú agus tuairisciú a dhéanamh ar chuspóirí agus ar thorthaí atá le gnóthú;
- sárthuiscint a bheith agat ar mhodhanna bainistíochta;
- sárchumas a bheith ionat maidir le foirne ilteangacha ilchultúrtha a stiúradh agus a spreagadh agus acmhainneacht foirne a shainaithint agus a uasmhéadú agus coimhlint a bhainistiú;
- sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide a bheith agat, lena n-áirítear an cumas faisnéis a bhailiú, a chomhtháthú agus a anailísiú;
- taithe a bheith agat ar thionscadail nuálacha agus ar athrú a chur chun feidhme;
- sáreolas a bheith agat ar mhodhanna, uirlisí agus teicnící rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear prionsabail agus cur chun feidhme praiticiúil na bainistíochta riosca fiontair;
- cruthúnas go bhfuil an cumas ionat cinní a dhéanamh agus a chur chun feidhme go neamhspleách;
- beidh eolas ar Rialachán Foirne <sup>(1)</sup> agus ar Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh <sup>(2)</sup> ina bhuntáiste láidir.

## NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 31-2015 ón gCúirt maidir leis na nósanna imeachta chun príomhbhainisteoirí agus príomhstiúirthóirí a roghnú, bunófar bord réamhroghnúcháin chun na hiarrthóirí incháilithe a mheasúnú bunaithe ar na critéir atá sonraithe san fhógra folúntais seo.

Déanfaidh comhaltaí an bhoird measúnú ar cháilíochtaí, ar thaithe ghairmiúil agus ar scileanna gach iarrthóra atá **incháilithe** bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh tugtha acu ina n-iarratas agus cuirfear na hiarrthóirí i gcomparáid lena chéile. Bunaithe ar an measúnú comparáideach sin, cuirfidh an bord an 6 (seisear) **iarrthóir is oiriúnaí** <sup>(3)</sup> ar ghearrliosta.

**Ós rud é go bhfuil an chéad chéim seo bunaithe ar mheasúnú comparáideach ar na fiúntais aonair, ní rachaidh gach iarrthóir a shásaíonn na critéir ar fad atá leagtha amach san fhógra folúntais seo ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den nós imeachta.**

Déanfaidh an bord na hiarrthóirí ar an ngearrliosta a mheas bunaithe ar agallamh agus ar mheasúnú scríofa (féach na critéir roghnúcháin thuas).

Úsáidfear torthaí an agallaimh agus an mheasúnaithe scríofa chun liosta a bhunú den iarrthóir/de na hiarrthóirí a mheastar is fearr atá cáilithe don phost.

Bunaithe ar thuarascáil an bhoird, glacfaidh an Chúirt cinneadh iarrthóir amháin a cheapadh.

## IARRATAIS

**Is é an 17 Márta 2021 ar 12:00 (meán lae) am Lár na hEorpa an spriocdháta le haghaidh iarratas.**

Ní foláir an t-iarratas a chur isteach **gan ach an fhoirm ar líne a úsáid** atá ar fáil ag bun an fhógra folúntais (**EN nó FR**) ar an leathanach Deiseanna Fostaíochta ar shuíomh gréasáin na Cúirte (faoi “Open positions”): [https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx#page-search—index—lang—en\\_US](https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx#page-search—index—lang—en_US)

Ní mór na doiciméid seo a leanas, arna ndréachtú i mBéarla nó i bhFraincis, a bheith san iarratas:

- litir inspreatha (**3 leathanach ar a mhéad**);
- CV atá cothrom le dáta (**7 leathanach ar a mhéad**) agus nach mór a bheith leagtha amach i bhformáid “Europass” (féach: <https://europa.eu/europass/ga>);
- maidir le hoifigigh atá ag obair lasmuigh de Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: ní mór doiciméad a chur ar fáil lena ndeimhnítear an feidhmghrúpa, an grád agus an stádas atá agat mar oifigeach.

Ní mór d'iarrthóirí ar éirigh leo i gcomórtas oscailte nó a bhfuil a n-ainmneacha curtha ar phainéal cód tagartha an chomórtais nó an phainéil sin a thabhairt le fios ina n-iarratas (CV/litir inspreatha).

<sup>(1)</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20210101&qid=1612273468772&from=EN>

<sup>(2)</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018R1046&from=GA>

<sup>(3)</sup> Ar an gcoinníoll gur leor líon na n-iarrthóirí incháilithe.

Tabhair do d'aire nach gcuirfeadh san áireamh, agus measúnú á dhéanamh ar d'iarratas, **ach** an fhaisnéis a thug tú i do CV, i do litir inspreagtha agus, nuair is infheidhme, i ndeimhniú do stádas oifigiúil.

### **Diúltófar d'iarratais nach mbeidh ag cloí go docht leis na treoracha seo.**

Más gá, ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann, arna iarraidh sin, doiciméid tacaíochta i scríbhinn a sholáthar a bhaineann lena gcáilíochtaí, lena dtaithí ghairmiúil agus lena ndualgais reatha.

Ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil spéis acu sa phost a n-iarratas ar líne a chomhlánú in am. Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na huaireanta deiridh chun a n-iarratas a chur isteach. Tarlaíonn sé in amanna go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras sna laethanta roimh an dáta deiridh d'iarratais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair iarratas a chur isteach in am.

### **BEARTAS EARCAÍOCHTA**

Tá cinneadh déanta ag Cúirt na nIníúcháirí an nós imeachta earcaíochta a lainseáil le haghaidh post Stiúrthóra (grád AD 14) san Ardrúnaíocht, de réir Airteagal 29, míreanna 1 agus 2 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear na "Rialachán Foirne" ina dhiaidh seo), a bhfuil sé mar aidhm leis cur le líon na n-iarrthóirí ionchasacha a bhféadfadh an tÚdaráis Ceapacháin iad a roghnú.

I gcomhréir le beartas comhdheiseanna na Cúirte agus le hAirteagal 1d de na Rialachán Foirne, glacann an Chúirt leis an éagsúlacht agus cuireann sí comhdheiseanna chun cinn. Glacann an Chúirt le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar aon fhoras agus tá céimeanna tugtha aici chun a áirithiú go bhfuil cothromaíocht ann idir fir agus mná ó thaobh na hearcaíochta de, de bhun Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar an líon íseal ban ar leibhéal na bainistíochta, **chuirfeadh an Chúirt fáilte ar leith roimh iarratais ó mhná ar an bpost seo**. I gcás gurb ionann cáilíochtaí nó fiúntas d'fhear agus do bhean, is í an bhean a roghnófar. Ina cheann sin, déanann an Chúirt bearta d'fhonn réiteach a dhéanamh idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Má theastaíonn aon socrúithe speisialta uait (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost tamall maith roimh ré chuig [ECA-Recrutement@eca.europa.eu](mailto:ECA-Recrutement@eca.europa.eu).

### **COSAINT SONRAÍ**

Tá rún daingean ag an gCúirt a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an ráiteas príobháideachta sonracha le haghaidh folúntas fostaíochta, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

[https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific\\_Privacy\\_Statement\\_vacancies/Specific\\_Privacy\\_Statement\\_vacancies\\_EN.PDF](https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF)

### **IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH**

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, go bhfuil tú thíos le cinneadh éigin a rinneadh, tá na roghanna seo a leanas agat:

#### **I. A iarraidh ar an mbord roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh**

Féadfaidh tú iarratas réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach le go ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh atá déanta ag bord. Ní foláir an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 10 lá tar éis an fógra faoin gcinneadh a fháil: [ECA-Recours@eca.europa.eu](mailto:ECA-Recours@eca.europa.eu).

#### **II. Gearáin**

De bhun Airteagal 90(2) de na Rialachán Foirne, féadfaidh tú gearán a thaisceadh i gcoinne chinneadh na Cúirte diúltú do d'iarratas ach sin a dhéanamh laistigh de 3 mhí tar éis duit fógra a fháil ina leith. Is ceart gearán den sórt sin a chur chuig an seoladh seo:

An tArdrúnaí  
Cúirt Iniúcháirí na hEorpa  
12, rue Alcide De Gasperi,  
L-1615 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

(\*). Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

### III. Achomharc breithiúnach

Faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc in aghaidh cinneadh diúltú don ghearán uait, sa mhéid a chuireann an cinneadh sin isteach ort, a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní foláir do dhlíodóir caingean den sórt sin a thaisceadh laistigh de 3 mhí tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

### IV. Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach

Má mheasann tú gur bhain drochriarachán leis an gcaoi a ndearna Cúirt Iniúchóirí na hEorpa d'iarratas a láimhseáil, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, tar éis duit teagmháil a dhéanamh leis an gCúirt i dtosach báire d'fhonn an díospóid a réiteach. Ní foláir do ghearán i scríbhinn a chur isteach laistigh de 2 bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearáin leictreonach le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. I gcás ina ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní chuirfidh sin na spriocdhátaí achomhairc atá luaite thuas ar fionraí.

---











ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán  
an Aontais Eorpaigh  
L-2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

GA